Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Samhain 2017
(OR. en)

14201/17

ECOFIN 929
UEM 304

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 10 Samhain 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13150/1/17 REV 1 ECOFIN 818 UEM 270 |
| Ábhar: | Saoráid an Aontais lena gcuirtear cúnamh airgeadais meántéarma ar fáil do chomhardú íocaíochta na mBallstát de bhun Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle<br>– Conclúidí ón gComhairle (10 Samhain 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le saoráid an Aontais lena gcuirtear cúnamh airgeadais meántéarma ar fáil do chomhardú íocaíochta na mBallstát de bhun Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle. Ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha/an Chomhairle Trádála na conclúidí ag an 3573ú cruinniú a bhí aici, ar an 10 Samhain 2017, sa Bhruiséil.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le saoráid an Aontais lena gcuirtear cúnamh airgeadais meántéarma ar fáil do chomhardú íocaíochta na mBallstát de bhun Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle**

Déanann COMHAIRLE an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

1. AG féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 332/2002 ón gComhairle an 18 Feabhra 2002 lena mbunaítear saoráid lena gcuirtear cúnamh airgeadais meántéarma ar fáil do chomhardú íocaíochta na mBallstát;

2. Ag féachaint d'Airteagal 10 den rialachán thuasluaite, faoina n-éilítear ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh gach trí bliana, le féachaint an sásaíonn an tsaoráid go fóill, ó thaobh prionsabal, socruithe agus uasteorainn de, na riachtanais a thug ar an bhfód í, bunaithe ar thuarascáil an Choimisiúin agus tar éis don Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais (CEA) a thuairim a thabhairt uaidh;

3. TAR ÉIS DI SCRÚDÚ A DHÉANAMH AR thuarascáil an Choimisiúin chuig an gComhairle, a eisíodh ar an 30 Lúnasa 2017; agus ar thuairim an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, a glacadh ar an 27 Deireadh Fómhair 2017;

4. TÁ SÍ DEN TUAIRIM go bhfónann an tsaoráid go fóill do na cuspóirí a thug ar an bhfód í.